

An tEolas

Contact Robert McMillen at The Irish News, 113 Donegall Street, Belfast BT1 2GE. Tel: 028 9032 2226 ext 556. Fax: 028 9033 7505 or email: r.mcmillen@irishnews.com

An dáimh idir Preispitéirigh agus an Ghaeilge á láidriú san 21ú aois


le Robert McMillen

S FADA MUID ag tabhairt ómós do na Preispitéirigh sin a d'aidhn tine na Gaeilge beo san aimsir anallód nuair a bhí sí ag síothlú an bháis. Bhí Henry Cooke, Robert McAdam, Samuel Neilson, Jeremiah O'Quin (an chéad chainteoir dúchais a oirníodh ina mhisinéir Preispitéireach), William Neilson agus go leor eile ag saothrú ar son na Gaeilge sa 19ú céad ar aghaidh. Ach cad é faoi Phreispitéirigh an lae inniu? An bhfuil an dáimh chéanna ina measc? Ar leibhéal i bhfad níos airde intleachta ná an Curry-My-Yogurtachas de chuid Phreispitéireach amháin, Gregory Campbell, tá daoine agus dreamanna eile a thuigeann chomh fite fuaite ina stair féin is a bhí an Ghaeilge agus gur míthid, ní athsheilbh a dhéanamh air – níor cheart go mbeadh an teanga i seilbh dhream ar bith – ach caidreamh as an úr a chruthú léi. Chuideodh an caidreamh nua seo leis an bhearna tuigse idir lucht a labhartha agus lucht an díspeagtha nó lucht n neamhairde a mhaolú. Is ábhar lúcháire mar sin an togra comónta atá ar bun idir Forbairt Feirste, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich agus dreamanna eile. 30 bliain ó shin, i 1991, bunaíodh Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich i seaneaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leatháin ar Bhóthar na bhFál. Is iomaí togra ceannródaíoch a bhí lonnaithe sa Chultúrlann úr - cuid acu atá ann go fóill - agus b'inti a bhí Meánscoil Feirste, siombail fhoirfe, b'fhéidir, den dul chun cinn atá déanta ag an teanga ó thuaidh sa 30 bliain sin. Inniu, tá sé ar phríomh ionaid chultúrtha na Gaeilge in Éirinn. Ach tá an dá mhí dhéag atá romhainn tábhachtach i saol Phreispitéirigh an Bhealaigh Leatháin. Thiar i Meán Fómhair 1892, reáchtáladh an chéad seirbhís Phreispitéireach san eaglais. Idir Meán Fómhair 2021, bliain ceiliúrtha 30 na Cultúrlainne agus Meán Fómhair 2022, bliain ceiliúrtha 130 den phobal Preispitéireach ar an láthair

chéanna, ar an Bhealach Leathan – cé nár tógadh an eaglais go dtí 1896 – déanfaidh Forbairt Feirste agus réimse páirtneirí eile sraith d'imeachtaí ceiliúrtha a reáchtáil faoin teideal, Ceiliúradh Caomhnóireachta/ Celebrating Custodianship. “Shíl mé go mbeadh sé amscaí 30 bliain na Cultúrlainne a comóradh agus neamhaird a dhéanamh ar an 100 bliain a tháinig roimhe,” arsa stiúrthóir Forbairt Feirste, Jake Mac Siacais. Ar an chéad duine ar bhuail sé leis, thiar in 2018, bhí an tUrramach Ivan Steen ó Eaglais Phreispitéireach Windsor agus chuir Jake cuireadh air teacht chuig Cothaigh, dinnéar bliantúil Forbairt Feirste, áit ar phléigh siad comhcheiliúradh ina ndéanfaí iniúchadh ar stair na bPreispitéireach agus an Ghaeilge agus ar stair na bPreispitéireach ar Bhóthar na bhFál, ceantar a bhíodh breac le tithe tionóil (nó eaglaisí) Preispitéireacha lá den tsaol. Bhuail Jake fosta le hiníon an mhinistir dheireanaigh ar an Bhealach Leathan. D'inis sise dó gur ceiliúradh an tseirbhís dheireanach i mí Iúil, 1982, bliain i ndiaidh na stailceanna ocrais. “Bhí an pobal Preispitéireach bánaithe faoin am sin ach thiocfadh siad ar ais gach Domhnach do sheirbhísí eaglasta,” a mhínigh Jake. Ansin, bhuail sé leis an Urramach Marty McNeilly ón Bhaile Chaol ar an Bhaile Meánach, Protastúnaigh eile a raibh suim ach sa Ghaeilge agus grúpaí Gaeilge sa Cheathrú Ghaeltachta. D'iarr Jake ar na hionadaithe na 10 rud ba mhó a ba mhaith leo a fheiceáil le go mbeadh an comhcheiliúradh, chomh cuimsitheach agus ab fhéidir. “Faoin phobal Phreispitéireach atá sé ach creidim gur deis iontach é seo a bheith glórach faoina stair agus faoina n-oidhreacht san fhoirgneamh sin,” arsa Jake. “Mar shampla, bhí a fhios againn go raibh an clog a bhíodh sa chlogtheach in eaglais an Bhealaigh Leatháin áit éigin i mBéal Feirste agus le cuidiú ó Marty McNeilly agus ó mhinistir eile, fuair siad amach go raibh sé in eaglais Phreispitéireach Belvoir. “D'fhoghlaim muid fosta go ndearnadh damáiste



■ CLOG AN CHAIRDIS: (Ó chlé) Jake Mac Siacais ó Fhorbairt Feirste, Brian Dunwoody, cléireach Seisiúin ag Eaglais Phreispitéireach Belvoir agus an tUrramach Martin McNeely ón Bhaile Chaol leis an chlog a bhíodh in Eaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leatháin agus thíos an eaglais mar atá sí anois, Cultúrlann ghalánta McAdam Ó Fiaich, a ainmníodh in ómós do laoch Preispitéireach de chuid na Gaeilge



dó nuair a phléasc an tIRA buama a scrios saotharlanna eolaíochta fóirínseacha agus go leor foirgneamh eile sa cheantar, tithe san áireamh, i 1992. “D'iarr muid iasacht an chloig ar feadh bliana agus tá muid ag dúil le freagra faoi láthair,” arsa Jake, Le linn na bliana, beidh idir chainteanna, shiúlóidí, léachtaí agus imeachtaí eile a bhéarfaidh deis dúinn an cultúr agus an oidhreacht shaibhir seo a bhain agus a bhaineann le Caomhnóirí an fhoirgnimh iontach seo a cheiliúradh.

Ach tá luach breise leis an tionscnamh, dar le Mac Siacais. “D'iarr mé ar bhean a raibh ceangal aici leis an eaglais cur síos ar a taithí féin agus dúirt sí, ‘tá a fhios agat, b'éigean dúinn garda ó Arm na Breataine a fháil le dul isteach san fhoirgneamh’ agus dúirt mise léi, ‘bhuel, abair sin. Sin an taithí fhíor a bhí agat’ abair amach é,” arsa Jake. “Beidh muid ag tabhairt cuairteanna ar na fuinneoga daite a rinne grúpa darbh ainm An Túr Gloine a bhfuil a saothair le feiceáil in eaglaisí



ar Bhóthar na bhFál, beidh díospóireachtaí againn ar an chomhoidhreacht ach beidh díospóireachtaí níos crua ann fosta. Mar shampla, cad é mar a réitíonn muid mar phobal sa chomhthéacs pholaitiúil ina bhfuil muid faoi láthair. “Cad é mar is féidir linn bheith compordach lenár gcultúr féin agus le cultúir daoine eile,” “Is togra thar a bheith daonna seo ina dtiocfadh daoine le chéile le taithí a chéile a roinnt le go socrófar modus vivendi sásúil a bheidh le leas gach duine,”

arsa Mac Siacais. Duine ar bith ar mhaith leo suim a léiriú sa Bhliain Cheiliúrtha seo, thig sin a dhéanamh ach rphost a sheoladh chuig jake@forbairtfeirste.com

■ Beidh Ceiliúradh Caomhnóireachta/ Celebrating Custodianship á lainséail i SeanLeabharlann Choláiste Ollscoile Naomh Mhuire ar Bhóthar na bhFál an Aoine bheag seo ar a 11am ach mar gheall ar na srianta Covid, beidh sé ar líne chomh maith.